CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

PREASEISIÚINT Uimh. 90/23
Lucsamburg, 06/06/2023

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-700/21 | O. G. (Barántas Gabhála Eorpach arna eisiúint ar náisiúnach tríú tír)

## Caithfidh feidhm a bheith ag an bhféidearthacht go ndiúltófaí d'fhorfheidhmiú barántais gabhála Eorpaigh ionas go bhforghníomhófaí an phianbhreith sa Bhallstát cónaithe maidir le náisiúnaigh tríú tír chomh maith

*Caithfidh an t-údarás breithiúnach a bheith in ann a mheas an bhfuil an náisiúnach tríú tír imeasctha go leordhóthanach sa Bhallstát forghníomhaitheach, agus a mheas an bhfuil leas dlisteanach ann lena dtabharfaí bonn cirt d'fhorghníomhú na pianbhreithe a forchuireadh sa Bhallstát eisiúna sa Bhallstát sin*

An 13 Feabhra 2012, d'eisigh an Chúirt Chéadchéime in Brașov barántas gabhála Eorpach ("BGE") ar náisiúnach de chuid na Moldóive chun críche pianbhreith choimeádta a fhorghníomhú. Is í Cúirt Achomhairc Bologna an t-údarás breithiúnach iarrtha do thabhairt suas an duine iarrtha ós rud é go bhfuil sé ag fanacht san Iodáil. Cé gur bunaíodh le linn a chosanta go raibh a theaghlach agus a chuid fostaíochta fréamhaithe go buanseasmhach san Iodáil, níl an chumhacht ag an údarás breithiúnach iarrtha san Iodáil an tabhairt suas don Rómáin a dhiúltú ionas go bhféadfaí an phianbhreith a fhorghníomhú san Iodáil. Go bunúsach, de réir an dlí Iodálach lena dtrasuitear an Cinneadh Réime maidir le BGE [1], tá an chumhacht sin teoranta do náisiúnaigh Iodálacha agus náisiúnaigh de chuid Ballstáit eile an Aontais amháin a léiríonn tosca teagmhála leis an Iodáil, d'eisiamh náisiúnach tríú tír.

Ar mheas do Chúirt Achomhairc Bologna nach raibh údar leis an difríocht sa chóireáil, tharchur an chúirt sin an cás go Cúirt Bhunreachtúil na hIodáile. Measann sí, sula gcinnfí an bhfuil an reachtaíocht náisiúnta ag luí le Bunreacht na hIodáile, gur ghá scrúdú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht na reachtaíochta sin le dlí an Aontais. Foráiltear sa Chinneadh Réime maidir le BGE d'fhéidearthacht na mBallstát an chumhacht diúltú d'fhorghníomhú BGE a dheonú do chúirt fad is atá an duine iarrtha ag fanacht sa Bhallstát forghníomhaitheach, gur náisiúnach ann é nó go bhfuil cónaí air ann agus go ngabhann an Stát sin air féin an phianbhreith sin a fhorghníomhú i gcomhréir lena dhlí náisiúnta. Toisc nach ndéantar, leis an bhforáil sin, raon feidhme an fhorais sin a theorannú do shaoránaigh an Aontais amháin, chuir Cúirt Bhunreachtúil na hIodáile ceist ar an gCúirt Bhreithiúnais maidir leis an ábhar sin.

Le breithiúnas an lae inniu**, tugann an Chúirt (an Mód-Dhlísheomra) mar fhreagra go gcuirtear cosc le dlí an Aontais ar reachtaíocht Bhallstáit, lena n-eisiatar, go hiomlán agus go huathoibríoch, ó thairbhe an fhorais do neamhfhorghníomhú roghnach BGE a leagtar síos san fhoráil sin aon náisiúnach tríú tír atá ag fanacht nó a bhfuil cónaí air i gcríoch an Bhallstáit sin, gan an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach a bheith in ann measúnú a dhéanamh ar na naisc atá ag an náisiúnach sin leis an mBallstát sin.** Tá reachtaíocht náisiúnta dá leithéid i gcontrárthacht le **prionsabal an chomhionannais a chumhdaítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh** ar bhonn go gcaitear ar bhealaí éagsúla le náisiúnaigh an Bhallstáit iarrtha agus le

[1] Cinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit (IO 2002 L 190, lch. 1).

saoránaigh eile de chuid an Aontais, ar thaobh amháin, agus, ar an taobh eile, náisiúnaigh tríú tír, gan a chur san áireamh gur féidir leis an dream deireanach sin méid lánpháirtiú leordhóthanach sa Bhallstát sin, chun údar a thabhairt do phianbhreith arna forchur sa Bhallstát eisiúna a chur isteach sa Bhallstát eile sin.

**Tá cur i bhfeidhm an fhorais don neamhfhorghníomhú roghnach atá faoi chaibidil faoi réir comhlíonadh dhá choinníoll.** Is é an chéad ceann acu sin ná **go mbeadh an duine iarrtha ag fanacht sa Bhallstát forghníomhaitheach, gur náisiúnach é de nó go mbeadh cónaí air ann.** Is é an dara ceann acu sin ná **go ngabhann an Stát sin air féin an phianbhreith** ar eisíodh an barántas gabhála Eorpach ina leith **a fhorghníomhú i gcomhréir lena dhlí náisiúnta.** Shonraigh an Chúirt, i dtaca leis an gcéad choinníoll, nach gcuirtear cosc le haon ní ar Bhallstát tairbhe an fhorais do neamhfhorghníomhú a chur faoi réir an cheanglais go raibh an náisiúnach sin ag fanacht ann nó go raibh cónaí air ann ar feadh íostréimhse gan bhriseadh.

Nuair a shuitear go gcomhlíontar an dá choinníoll, **ní mór don údarás breithiúnach forghníomhaitheach a mheas fós an bhfuil leas dlisteanach ann lena dtugtar údar d'fhorfheidhmiú na pianbhreithe arna forchur sa Bhallstát eisiúna ar chríoch an Bhallstáit fhorghníomhaithigh.** Leis an measúnú sin, is féidir an cuspóir arna shaothrú leis an gCinneadh Réime maidir le BGE a chur san áireamh, arb é atá ann ná an seans a mhéadú go ndéanfar an duine iarrtha a ath-imeascadh go sóisialta ar dhul in éag na pianbhreithe a forchuireadh air.

Dá bhrí sin, is faoin údarás breithiúnach forghníomhaitheach atá sé **measúnú foriomlán a dhéanamh ar na tosca sonracha go léir a léiríonn staid an duine iarrtha**, lena bhféadfar a léiriú an bhfuil **naisc ann idir an duine sin agus an Ballstát forghníomhaitheach a fhágann go gcuideoidh forghníomhú na pianbhreithe arna fhorchur air sa Bhallstát forghníomhaitheach, mar a bhfuil cónaí air nó mar a bhfuil sé ag fanacht, le cuspóir an ath-imeasctha shóisialta a bhaint amach.** Áirítear ar na tosca sin na naisc theaghlaigh, theanga, chultúrtha, shóisialta nó eacnamaíocha atá ag an náisiúnach tríú tír leis an mBallstát forghníomhaitheach agus cineál, fad agus coinníollacha a fhanachta sa Bhallstát sin.

**NÓTA:** Ligtear le tarchur chun réamhrialú do chúirteanna agus do bhinsí na mBallstát, i ndíospóidí a gcuirtear faoina mbráid, ceisteanna a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais faoi léirmhíniú dhlí an Aontais Eorpaigh nó faoi bhailíocht gnímh de chuid an Aontais Eorpaigh. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid í féin. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta an cás a dhiúscairt de réir chinneadh na Cúirte, atá ceangailteach ar an gcaoi chéanna le cúirteanna nó binsí náisiúnta eile ina n-ardaítear saincheist den chineál céanna os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus achoimre an bhreithiúnais ar shuíomh gréasáin CURIA ar lá na fógartha.

Teagmháil phreasa: Jacques René Zammit ✆ (+352) 4303 3355

**Fanaigí i dteagmháil linn!**